IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 637 de 2022

---

# AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 3) 2022

I.R. Uimh. 637 de 2022

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (BAILTE SEIRBHÍSE GAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 3) 2022

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 9(1) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, JACK CHAMBERS, Aire Stáit ag an Roinn Tuarasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Bailte Seirbhíse Gaeltachta a Ainmniú), (Uimh. 3) 2022 a ghairm den Ordú seo.

2. Ainmnítear gach baile a shonraítear sa Sceideal mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta críocha alt 9(1) d'Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

*Foilsíodh fógra san "Iris Oifigiúil" an* 9 *Nollaig*, 2022, *á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.*

SCEIDEAL

**Baile Seirbhíse Gaeltachta: Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo**

(1) An baile seo a leanas: Caisleán an Bharraigh

**Baile Seirbhíse Gaeltachta: Dún Garbhán, Co. Phort Láirge**

(1) An baile seo a leanas: Dún Garbhán

Arna thabhairt faoi mo láimh,,
7 Nollaig 2022

JACK CHAMBERS,
Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN,
CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8,
D08 XAO6

Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD,
KILMAINHAM, DUBLIN 8,
D08 XAO6

Tel: 046 942 3100
E-mail: publications@opw.ie

ISBN 978-1-3993-2041-2

9 781399 320412

€ 3.00

(DCHGRPT-18) 85. 11/22. Propylon.